CEOL 2018
Nóra & Jade – Fuil na n-Óg

Éiríonn an ghrian ar maidin
Is luíonn sí san oíche
Cúpla uair atá ann
Idir an dá rud sin
Fútsa atá sé leis an am luachmhar seo
Beir greim air le dhá lámh, a stór
Mar imíonn sé go beo

Is muidne fuil na n-óg
Seo iad na laethanta órga
Só bí ag canadh ar bharr do ghutha
Is ag damhsa ar feadh na hoíche

Ná chaith d'am is tú ag smaoineamh
Faoin saol atá i bhfad uait
Is leatsa é an domhan seo
Creid é nó ná chreid
Fútsa atá sé leis an am luachmhar seo
Beir greim air le dhá lámh, a stór
Mar imíonn sé go beo

Is muidne fuil na n-óg
Seo iad na laethanta órga
Só bí ag canadh ar bharr do ghutha
Is ag damhsa ar feadh na hoíche

Ní bheimid anseo go deo
Áit nach bhfuil aon aois
Só bíodh an spraoi agat anois, a mhac
Mar ní fada uainn an todhchaí

Éiríonn an ghrian ar maidin
Is luíonn sí san oíche
Cúpla uair atá ann, ó

Is muidne fuil na n-óg
Seo iad na laethanta órga
Só bí ag canadh ar bharr do ghutha
Is ag damhsa ar feadh na hoíche

Is muidne fuil na n-óg
Seo iad na laethanta órga
Só bí ag canadh ar bharr do ghutha
Is ag damhsa ar feadh na hoíche